Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 9 Aibreán 2024
(OR. en)

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2024/0014(NLE)**

8482/24
ADD 1

LIMITE

ANTIDISCRIM 52
COCON 16
COHOM 77
COPEN 165
DROIPEN 85
EDUC 110
FREMP 175
JAI 567
MIGR 152
SOC 249

PUBLIC

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | IARSCRÍBHINN a ghabhann leis an togra le haghaidh CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh i gCoiste na bPáirtithe i gCoinbhinsiún Chomhairle na hEorpa chun Foréigean in aghaidh na mBan agus Foréigean Teaghlaigh a Chosc agus a Chomhrac, maidir le leasuithe ar Rialacha Nós Imeachta an Choiste, i ndáil le hábhair a bhaineann le comhar breithiúnach in ábhair choiriúla, le tearmann agus le non-refoulement |

**<u>IARSCRÍBHINN</u>**

An seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais i gCoiste na bPáirtithe, arna bhunú faoi Airteagal 67 den Choinbhinsiún, maidir le leasuithe a ghlacadh ar Rialacha Nós Imeachta Choiste na bPáirtithe, ag cruinniú Choiste na bPáirtithe an 31 Bealtaine 2024.

Meabhraíonn an tAontas Eorpach gur aontaigh sé do Choinbhinsiún Iostanbúl chun foréigean in aghaidh na mban agus foréigean teaghlaigh a chosc agus a chomhrac. Comhoibríonn an tAontas go fírinneach le tíortha nach Ballstáit den Aontas iad i ngach conradh idirnáisiúnta a n-aontaíonn sé dó ina iomláine.

Is mian leis an Aontas a dhearbhú, i dtaca leis an gceanglas maidir leis an tromlach dúbailte, nach bhfuil feidhm ag an gceanglas sin ach amháin nuair atá an tAontas ag vótáil le líon vótaí atá cothrom le nó níos mó ná dhá thrian de na vótaí uile a shanntar do chomhaltaí an Choiste (riail 20) nó nuair a shroicheann sé an líon sin vótaí in éineacht le Ballstáit an Aontais Eorpaigh nuair atá an tAontas agus a Bhallstáit araon i dteideal vótáil (rialacha 21 agus 25).

Cuireann an tAontas Eorpach in iúl go bhfuil a sheasamh reatha maidir leis na leasuithe ar na Rialacha Nós Imeachta i gCoiste na bPáirtithe gan dochar do sheasaimh a bheidh aige amach anseo maidir le Rialacha Nós Imeachta i ndáil le Coinbhinsiúin eile de chuid Chomhairle na hEorpa nó comhaontuithe idir an tAontas agus tríú tíortha nó eagraíochtaí idirnáisiúnta.

**Riail 20 – Vótáil**

*Leasú Uimh.1:*

'1. Beidh vóta amháin ag gach comhalta den Choiste. I gcás ina mbeidh níos mó ná ionadaí amháin i dtoscaireacht Pháirtí, ní bheidh ach ionadaí amháin i dteideal páirt a ghlacadh sa vótáil.

Déanfaidh an tAontas Eorpach a cheart vótála a fheidhmiú le líon vótaí atá cothrom le líon a Bhallstát atá ina bPáirtithe sa Choinbhinsiún agus atá faoi cheangal ag feidhmiú a inniúlachta ag an Aontas. Is féidir le Ballstáit an Aontais Eorpaigh nach bhfuil faoi cheangal ag feidhmiú inniúlachta an Aontais vóta ar leithligh a chaitheamh.

I gcás ina mbeidh an tAontas Eorpach i dteideal a cheart vótála a fheidhmiú, ní vótálfaidh na Ballstáit atá ina bPáirtithe sa Choinbhinsiún agus atá faoi cheangal ag feidhmiú inniúlacht an Aontais maidir leis an ábhar a bhfuil vótáil le déanamh air.'

'2. Tá gá le córam chun vótáil a dhéanamh.'

PUBLIC

*Leasú Uimh.2:*

‘3. Déantar cinntí an Choiste trí thromlach dhá thrian de na vótaí arna gcaitheamh. I gcás ina nglacfaidh an tAontas Eorpach páirt i vótáil i gcomhréir le mír 1, fomhír 2 agus fomhír 3, beidh tromlach simplí de na vótaí arna gcaitheamh ag na Páirtithe eile i dtromlach dhá thrian má tá an líon vótaí lena bhfeidhmeoidh an tAontas a cheart vótála cothrom le nó níos mó ná dhá thrian de na vótaí uile a shanntar do chomhaltaí an Choiste.’

‘4. Cinnfear ceisteanna nós imeachta le tromlach na vótaí arna gcaitheamh.’

‘5. Má thagann ceist aníos maidir le hábhar, an ábhar nós imeachta é nó nach ea, ní dhéileálfar leis mar ábhar nós imeachta mura gcinnfidh an Coiste amhlaidh le tromlach dhá thrian de na vótaí arna gcaitheamh i gcomhréir le mír 3.’

‘6. Chun críocha na rialacha seo, ciallóidh ‘vótaí arna gcaitheamh’ vótaí na gcomhaltaí a chaitear i bhfabhar nó i gcoinne ábhair. Measfar nach bhfuil vóta caite ag comhaltaí a staonann.’

**Riail 21 – Rialacha sonracha maidir le comhaltaí GREVIO a thoghadh**

‘1. Níl feidhm ag Rialacha 16, 19 ná 20 de na rialacha seo maidir le comhaltaí GREVIO a thoghadh.’

[…]

*Leasú Uimh.3:*

‘4. Maidir le cinneadh ón gCoiste tarraingt siar iarrthóra amháin nó níos mó nach gcomhlíonann na ceanglais maidir le ballraíocht in GREVIO a iarraidh, ar ceanglais iad a leagtar amach i Rialacha 2 go 5 de na rialacha maidir le nós imeachta thoghadh chomhaltaí GREVIO, teastaíonn tromlach dhá thrian de na vótaí arna gcaitheamh, lena n-áirítear tromlach simplí de na vótaí a chaitheann ionadaithe Páirtithe seachas an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit má tá an líon vótaí a shanntar don Aontas Eorpach agus dá Bhallstáit cothrom le nó níos mó ná dhá thrian de na vótaí uile a shanntar do chomhaltaí an Choiste.’ Measfar nach bhfuil vóta caite ag comhaltaí a staonann.’

[…]

‘7. Beidh vóta amháin ag gach comhalta den Choiste. I gcás ina mbeidh níos mó ná ionadaí amháin i dtoscaireacht Pháirtí, ní bheidh ach ionadaí amháin i dteideal páirt a ghlacadh sa vótáil.’

PUBLIC

***Riail 25 – Na Rialacha Nós Imeachta a Leasú***

*Leasú Uimh.4:*

'Féadfaidh an Coiste na Rialacha Nós Imeachta a leasú le tromlach dhá thrian de na vótaí arna gcaitheamh, lena n-áirítear tromlach simplí de na vótaí arna gcaitheamh ag ionadaithe Páirtithe seachas an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit má tá an líon vótaí a shanntar don Aontas Eorpach agus dá Bhallstáit cothrom le nó níos mó ná dhá thrian de na vótaí uile a shanntar do chomhaltaí an Choiste. Chun críocha na Rialach seo, ní bheidh feidhm ag Riail 20, mír 1, fomhír 2 agus fomhír 3.'

PUBLIC

**Riail 2 – Comhdhéanamh**

1. Comhaltaí

a. De bhun Airteagal 67, mír 1 den Choinbhinsiún, is iad comhaltaí an Choiste ionadaithe na bPáirtithe sa Choinbhinsiún.

[…]

2. Rannpháirtithe

[…]

b. Féadfaidh na daoine seo a leanas ionadaithe a cheapadh chun páirt a ghlacadh i gcruinnithe an Choiste gan ceart vótála ná íocaíocht speansas:

(i) Stáit a shínigh an Coinbhinsiún ach nár dhaingnigh go fóill é;

(ii) Stáit a dhaingnigh an Coinbhinsiún nó a d'aontaigh leis ach nach bhfuil sé tagtha i bhfeidhm ina leith fós;

(iii) Stáit ar iarradh orthu aontú leis an gCoinbhinsiún.

[…]